An Margadh tithe agus talún

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar thuairisc ar ball faoi thuarascálacha a d'fhoilsigh daft.ie agus myhome.ie faoi phraghsanna na dtithe atá á ndíol faoi láthair. Sula bhféachann sibh ar an tuairisc, déan féin agus an duine in aice leat iarracht an leagan Gaeilge de na focail seo atá le cloisteáil inti a chur ar fáil.

1. quarter (of the year) _____
2. property websites _____
3. auctioning group _____
4. average price _____
5. auctioneers _____
6. climax / peek _____
7. housing estate _____
8. end to end _____
9. spotted with _____
10. in arrears _____
11. a great many _____

Ceist 2 Anois féachaigí ar an tuairisc agus faighigí amach an raibh an ceart agaibh i gCeist 1 thuas.

Ceist 3 (a) Éist leis an tuairisc den dara huair. Luann an tuairisceoir na figiúirí seo a leanas. Cén fáth a luann sé iad?

€241,000
42%
14%
18%

(b) Cad a bhí le rá ag an cheantálaí Frank Conroy faoin scéal?

Ceist 4 '*…ceantálaí…*'

Is iomaí focal a chuireann gairmeacha in iúl a chríochnaíonn le –aí. Féach ar an sampla tugtha agus ansin líon na bearnaí.

an ceantálaí	obair an c***h***eantálaí	na ceantál***aithe***	obair na ***g***ceantál***aithe***
an freastalaí	_____	_____	_____
an tiománaí	_____	_____	_____
an tógálaí	_____	_____	_____
an t-oibrí	_____	_____	_____
an feighlí	_____	_____	_____
an fostaí	_____	_____	_____
an gadaí	_____	_____	_____
an rúnaí	_____	_____	_____

Ceist 5 Cuir na focail thíos at**á** le cloisteáil sa mhír in abairtí lena mbrí a léiriú:

- go baileach
- dea-scéala
- ó cheann ceann
- muinín
- go deimhin

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo leis na daoine i do ghrúpa.

Cad atá ar eolas agat faoi www.daft.ie nó www.myhome.ie?
An bhfuil mórán tithe nó eastát tithíochta i do cheantar féin atá folamh?
Ar mhaith leat féin teach a cheannach amach anseo nó teach a fháil ar cíos?
Cén fáth?

Freagraí

Ceist 1 agus Ceist 2

1.	quarter (of the year)	***ráithe***
2.	property websites	***suímh idirlín maoine***
3.	auctioning group	***lucht ceantála***
4.	average price	***meánphraghas***
5.	auctioneers	***ceantálaithe***
6.	climax / peek	***buaicphointe***
7.	housing estate	***eastát tithíochta***
8.	end to end	***ó cheann ceann***
9.	spotted with	***breac le***
10.	in arrears	***i riaráiste***
11.	a great many	***lear mór***

Ceist 3 (a)

€241,000:	Seo é an meánphraghas atá á lorg ar thithe san am i láthair.
42%:	An méid a laghdaigh na praghsanna ón bhuaicphointe tithíochta nuair a bhí praghas na dtithe chomh hard is a bhí riamh.
14%:	Seo an céatadán de mhorgáistí atá i riaráiste sa lá atá inniu ann.
18%:	Tá an meánphraghas atá á lorg ar thithe atá ar díol i gceantar na Gaillimhe tite ocht déag faoin gcéad le bliain anuas.

Ceist 3 (b)

Deir Frank Conroy go bhfuil an scéal níos measa ná mar a shíltear mar gurb iad na praghsanna a luaitear sna tuarascálacha ná na praghsanna a iarrtar ar thithe agus ní na praghsanna a fhaightear ar thithe. Tá na praghsanna sin níos ísle arís a deir sé. Deir sé go bhfuil na praghsanna tite 50% nó 60% fiú ón bhuaicphointe agus ní cheapann sé go dtiocfaidh feabhas ar an scéal go dtí go socróidh an margadh.

Ceist 4

obair an fhreastalaí	na freastalaithe	obair na bhfreastalaithe
obair an tiománaí	na tiománaithe	obair na dtiománaithe
obair an tógálaí	na tógálaithe	obair na dtógálaithe
obair an oibrí	na oibrithe	obair na n-oibrithe
obair an fheighlí	na feighlithe	obair na bhfeighlithe
obair an fhostaí	na fostaithe	obair na bhfostaithe
obair an ghadaí	na gadaithe	obair na ngadaithe
obair an rúnaí	na rúnaithe	obair na rúnaithe

Ceist 5

go baileach – *exactly*
dea-scéala – *good news*
ó cheann ceann – *from end to end*
muinín – *trust (muinín agat i rud)*
go deimhin – *really and truly*

Ceist 6

Abair leis na foghlaimeoirí na ceisteanna a phlé ina mbeirteanna nó i ngrúpaí.

Eimear Ní Chonaola
Thit na praghsanna a bhí á n-iarraidh[i] ar thithe sa tríú ráithe den bhliain, de réir tuarascálacha atá foilsithe ag na suímh[ii] idirlín maoine myhome.ie agus daft.ie. Breis is trí faoin gcéad a thit na praghsanna de réir na staidéar, ach tá cúrsaí níos measa fós, a deir lucht ceantála.

Ruairí Mac Con Iomaire
Cé nach raibh torthaí a gcuid staidéir baileach mar a chéile bhí na figiúirí a d'fhoilsigh daft.ie agus myhome.ie sách gar. Ní haon dea-scéala a bhí ann dóibh siúd a bhfuil súil acu teach a dhíol agus an meánphraghas atá á lorg ar thithe tite arís. Dhá chéad ceathracha a haon míle euro an meánphraghas atá anois á lorg ar theach sa tír seo, laghdú de cheathracha dó faoin gcéad ón am is airde a bhí praghsanna. Ach, más fíor do cheantálaithe i gContae na Gaillimhe níl an scéal iomlán sna figiúirí sin, agus is níos measa fós atá cúrsaí.

Frank Conroy / Ceantálaí
Is iad na praghsanna atá iarrtha ar na tithe atá i gceist acu seo agus ní hiad na praghsanna atá daoine ag fáil orthu. Agus tá mé ag ceapadh go bhfuil difríocht mhór[iii] idir an dá rud. Agus déarfainn féin go bhfuil rudaí tite ar a laghad caoga faoin gcéad nó b'fhéidir suas go seasca faoin gcéad ón bhuaicphointe.

Ruairí Mac Con Iomaire
Níl sráidbhaile nó eastát tithíochta ó cheann ceann na tíre nach bhfuil breac le tithe atá ar an margadh. Go leor acu sin atá ar díol le fada an lá. Go deimhin, más fíor do Karl Deeter, bainisteoir stiúrtha *Irish Mortgage Brokers*, tá suas le ceathair déag faoin gcéad de mhorgáistí na tíre i riaráiste, rud atá ag cur brú breise fós ar leochaileacht[iv] an mhargaidh.

Frank Conroy / Ceantálaí
Faoi láthair níl muinín ag daoine, níl airgead le fáil. Tá na margaí airgid ar fud an domhain, ar fud na hEorpa *anyway*, trína chéile agus, nó, go mbeidh siad sin socraithe síos tá mé féin ag ceapadh nach dtiocfaidh feabhas ar an scéal.

Ruairí Mac Con Iomaire
De réir daft.ie, cé gur mhéadaigh an meánphraghas atá daoine a lorg ar thithe atá á ndíol acu i gceantar na Gaillimhe de bheagán tar éis an tsamhraidh, tá an tsuim[v] sin fós tite ocht déag faoin gcéad le bliain anuas. Go deimhin, más fíor do lear mór ceantálaithe ar labhair TG4 inniu leo, tá an meánphraghas ar a ndíoltar tithe agus maoin dá sórt tite idir caoga cúig agus seasca faoin gcéad sa chontae[vi] seo le cúig bliana anuas.
Ruairí Mac Con Iomaire, Nuacht TG4 i nGaillimh.

---

[i] *á iarraidh* a deirtear
[ii] suíomhanna a deirtear
[iii] *difríocht mór* a deirtear
[iv] *leochail* a deirtear
[v] *an suim* a deirtear
[vi] *sa gcontae* a deirtear